CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Tuairim 06/2022

(de bhun Airteagal 322(1), CFAE)

i dtaca le togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) [2022/162(COD)]

Ábhar

	Alt
Réamhrá	01-03
Barúlacha ginearálta	04-05
Tráchtanna sonracha	06-48
Sonraí ar fhaighteoirí a fhaigheann cistiú ón Aontas a thaifeadadh agus a stóráil, agus mianadóireacht sonraí	07-12
Próiseas soláthair poiblí an Aontais agus saineolaithe seachtracha ar luach saothair	13-18
Córas Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES)	19-22
Ranníocaíochtaí ón Aontas le tionscnaimh dhomhanda	23-26
Iasachtaíocht agus iasachtú	27-31
Tuairisciú ar ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha	32-34
Nósanna imeachta dámhachtana an Aontais a dhéanann difear don tslándáil nó don ord poiblí	35-38
Athruithe ilghnéitheacha	39-48
Airteagal 25 – Tabhartais	40-41
Airteagal 33 – Feidhmiú agus prionsabail na tíosaíochta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta	42-43
Airteagal 252 – Na cuntais chomhdhlúite deiridh a fhormheas	44-48
Iarscríbhinn	
Athruithe molta	

Réamhrá

01 An 16 Bealtaine 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún a thogra le haghaidh leasú spriocdhírithe ar an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (an Rialachán Airgeadais). Fágann bunús dlí an togra ón gCoimisiún go bhfuil sé éigeantach[1] dul i gcomhairle le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), agus d'iarr an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ár dtuairimí an 2 Meán Fómhair agus 13 Meán Fómhair 2022, faoi seach. Leis an tuairim seo, comhlíontar an ceanglas maidir le comhairliúchán.

02 Is é an t-údar a thugann an Coimisiún don athbhreithniú sin ná gur gá an Rialachán Airgeadais a ailíniú leis an bpacáiste don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) chun leabhar rialacha aonair a rialaíonn caiteachas an Aontais a choimeád. Ciallaíonn sé seo go bhfuil na rialacha ginearálta airgeadais go léir á n-áireamh sa Rialachán Airgeadais, agus é mar aidhm leis sin deimhneacht dhlíthiúil níos mó a chur ar fáil d'institiúidí an Aontais agus d'fhaighteoirí chistí an Aontais.

03 Ina theannta sin, tá leasuithe eile curtha isteach ag an gCoimisiún sa togra chun:

- feabhsuithe agus simplithe a chur chun feidhme a sainaithníodh ó tháinig Rialachán Airgeadais 2018 i bhfeidhm;
- freagairt ar theagmhais agus ar threochtaí a tharla le déanaí, amhail paindéim COVID-19 agus bainistiú géarchéime;
- leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar bhealach níos fearr (e.g. trí úsáid níos mó a bhaint as digiteáil); agus
- rannchuidiú níos fearr le cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach agus simpliú breise a bhaint amach d'fhaighteoirí chistí an Aontais.

[1] An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Airteagal 322(1)(a).

Barúlacha ginearálta

04 Tá sé molta ag an gCoimisiún an Rialachán Airgeadais a athmhúnlú seachas athbhreithniú a dhéanamh air. Deir an Coimisiún go bhfuil sé d'aidhm ag an athmhúnlú '...an chothromaíocht cheart a bhaint amach trí dhíriú ar athruithe a bhfuil fíorghá leo'. Is é an toradh a bhíonn ar athmhúnlú ná go nglactar gníomh dlí nua a thugann isteach, i dtéacs aonair, leasuithe substainteacha ar ghníomh a bhí cheana ann chomh maith leis na forálacha den ghníomh sin nár athraíodh a choinneáil ann. Dá bhrí sin, tagann an gníomh dlíthiúil nua in ionad gach leagan den ghníomh a bhí ann roimhe sin agus déantar an seanghníomh a aisghairm.

05 I gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach 2001[2] maidir le húsáid theicníocht an athmhúnlaithe, ba cheart don mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra údar maith a áireamh maidir leis an athmhúnlú a ghníomhachtú. Ba cheart dó míniú a chur ar fáil freisin ar na cúiseanna maidir le cur chuige den sórt sin a ghlacadh, in éineacht leis na cúiseanna do gach leasú substainteach atá beartaithe. Ceanglaítear leis an togra go gcuirfear athmhúnlú i láthair ar bhealach a dhéanfaidh idirdhealú soiléir idir na leasuithe substainteacha agus na haithrisí nua agus na forálacha atá gan athrú. Bunaithe ar ár n-anailís ar na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach agus ar údar an Choimisiúin leis an athmhúnlú a áirítear sa mheabhrán míniúcháin, measaimid go gcomhlíonann an togra ón gCoimisiún na coinníollacha chun athmhúnlú a dhéanamh.

[2] Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le húsáid níos struchtúrtha ar theicníocht an athmhúnlaithe do ghníomhartha dlíthiúla, arna shíniú an 28 Samhain 2001 (2002/C 77/01).

Tráchtanna sonracha

06 Sa roinn seo, tugtar tuairisc ar ár dtráchtanna ar leasuithe sonracha atá molta ag an gCoimisiún. Tá ár dtuairim dírithe ar na saincheisteanna a shainaithin an Coimisiún i sraith de 'pháipéir leathoifigiúla' (doiciméid neamhoifigiúla) a roinn an Coimisiún le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus le CIE d'fhonn na leasuithe atá molta a mhíniú. Clúdaímid na saincheisteanna a bhfuil tráchtanna sonracha le déanamh againn ina dtaobh, agus na saincheisteanna sin amháin.

Sonraí ar fhaighteoirí a fhaigheann cistiú ón Aontas a thaifeadadh agus a stóráil, agus mianadóireacht sonraí

Airteagail lena mbaineann

- Airteagal 2 – Sainmhínithe;
- Airteagal 36 – Rialú inmheánach ar chur chun feidhme an bhuiséid; agus
- Airteagal 275 – Forálacha idirthréimhseacha

Cúlra

07 Déantar foráil i gComhaontú Idirinstitiúideach[3] an 16 Nollaig 2020 maidir le faisnéis agus figiúirí a bhailiú i dtaobh fhaighteoirí agus tairbhithe deiridh chistí an Aontais, chun críocha rialaithe agus iniúchóireachta. Tá an fhaisnéis i dtaobh na ndaoine sin a thairbhíonn – go díreach nó go hindíreach – de chistí an Aontais (lena n-áirítear sonraí ar úinéirí tairbhiúla) riachtanach chun feabhas a chur ar chosaint bhuiséad an Aontais agus ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneacha (RRF) in aghaidh calaoise agus neamhrialtachtaí.

08 I gcás CAI 2021-2027 – ina gcuirtear an buiséad chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte – agus RRF, tá sé molta ag an gCoimisiún cheana feabhas a chur ar bhailiú agus idir-inoibritheacht sonraí ó Bhallstáit ar fhaighteoirí a fhaigheann cistiú ón Aontas, lena n-áirítear ar úinéireacht thairbhiúil. Ní bheartaítear leis an reachtaíocht

[3] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, (Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 (2020/L 433 I/28)).

atá glactha, áfach, úsáid éigeantach a bhaint as an uirlis aonair mianadóireachta sonraí agus scórála riosca a chuirfidh an Coimisiún ar fáil. Molann an Coimisiún go mbeadh sé éigeantach don chéad CAI eile. Mar a léirítear inár dtuarascáil speisialta maidir le buiséad an Aontais a chosaint[4], ba cheart don uirlis úsáid a bhaint as sonraí atá ar fáil i gcláir éagsúla ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais atá ábhartha don eisiamh.

09 Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún córais chun calaois a chosc, a bhrath agus a fhreagairt a neartú trí thaifeadadh agus stóráil leictreonach éigeantach na sonraí ar fhaighteoirí agus tairbhithe deiridh chistí an Aontais (lena n-áirítear úinéirí tairbhiúla), agus comhtháthú na sonraí sin i gcóras TF aonair, a chuirfidh an Coimisiún ar fáil le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca. Ní bheadh rochtain ar an gcóras seo teoranta d'institiúidí a chuireann na Cistí chun feidhme, ach bheadh sé ar fáil freisin do chomhlachtaí imscrúdaithe agus rialaithe de chuid an Aontais (lena n-áirítear CIE, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)).

Tuairim na Cúirte Iniúchóirí

10 Cuirimid fáilte roimh an rún chun córas comhtháite TF aonair a chruthú le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca, go ndéanfar an rochtain air a leathnú amach chuig comhlachtaí imscrúdaithe agus rialaithe, agus an fhéidearthacht go mbainfear úsáid níos mó as uirlisí uathoibrithe agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun críocha rialaithe agus iniúchóireachta. Bheadh ról lárnach ag córas den sórt sin sa chomhrac in aghaidh calaoise, éillithe agus coinbhleachtaí leasa a dhéanann difear do chistí an Aontais. Molaimid, áfach, gan a bheith ag fanacht leis an gcéad CAI eile chun é a dhéanamh éigeantach.

11 Tugtar tuairisc sa togra ar shonraí sonracha ba cheart a thaifeadadh i dtaobh fhaighteoirí agus úinéirí tairbhiúla fhaighteoirí chistí an Aontais[5]. Níl an réimse faighteoirí, a ndéanfar sonraí a thaifeadadh agus a stóráil ina dtaobh, áfach, chomh cuimsitheach céanna agus atá an réimse dá bhforáiltear sna rialacha earnáilsonracha i réimse na bainistíochta comhroinnte agus i Rialachán RRF, ós rud é nach ndéanann sé tagairt go sainráite do chuideachtaí a bhfuil conarthaí soláthair poiblí atá cistithe ag an Aontas dáfa orthu.

---

[4] Tuarascáil speisialta 11/2022: Buiséad an Aontais a chosaint – Is gá úsáid níos fearr a bhaint as dúliostú.

[5] Airteagal 36(6).

12 Ina theannta sin, i gcás bainistíocht chomhroinnte, ní dhéanfaí na sonraí ar fhaighteoirí deiridh a aistriú chuig an gCoimisiún ná a chomhtháthú i gcóras TF comhtháite aonair. Sin mar gheall go bhfuil sé molta ag an gCoimisiún srian a chur leis an mbrí a thugtar don téarma 'faighteoirí' chistí an Aontais[6]. De réir an togra, 'tuigfear gur tagairtí do thairbhithe mar a shainmhínítear iad sna rialacha earnáilsonracha na tagairtí d'fhaighteoirí'. Mar sin, leis an sainmhíniú sin, déantar sonraí ar 'fhaighteoirí deiridh' a eisiamh, a bhfuil sé de cheanglas ar na Ballstáit iad a bhailiú faoi rialacha atá sonrach don earnáil, go háirithe le haghaidh ionstraimí airgeadais. Ba cheart do na Ballstáit na sonraí sin a aistriú agus ba cheart iad a thaifeadadh sa chóras comhtháite TF aonair.

Próiseas soláthair poiblí an Aontais agus saineolaithe seachtracha ar luach saothair

- Airteagal 153 – Doiciméid iarratais a thíolacadh
- Airteagal 164 – Prionsabail is infheidhme maidir le conarthaí agus lena raon feidhme
- Airteagal 169 – Soláthar idirinstitiúideach, soláthar comhpháirteach, agus soláthar thar ceann na mBallstát; agus
- Airteagal 144 – Diúltú i gcás nós imeachta um dhámhachtain

Cúlra

13 Tá sé tugtha chun solais ag paindéim COVID-19 go bhfuil gá le níos mó solúbthachta i nósanna imeachta soláthair i dtráth géarchéime. Leasaíodh an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála (ESI) cheana chun níos mó solúbthachta a thabhairt isteach maidir leis an bpróiseas soláthair phoiblí (e.g. soláthar comhpháirteach), agus tá an Coimisiún anois ag moladh go mbeadh leibhéal comhchosúil solúbthachta sa Rialachán Airgeadais. Áirítear leis seo an sainmhíniú ar ghéarchéim a thabhairt cothrom le dáta chun cásanna éigeandála sláinte poiblí, amhail COVID-19, a chlúdach. Clúdaítear leis an togra freisin digiteáil an phróisis soláthair phoiblí agus conarthaí ilfhoinsithe. Ina theannta sin, tá moltaí déanta ag an gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb atá roimhe ar an margadh ó thaobh saineolaithe seachtracha ar luach saothair a fhostú, agus ó thaobh forálacha maidir le coinbhleachtaí leasa gairmiúla a neartú.

---

[6] Airteagal 36(9). Tugtar an leagan nua sin den sainmhíniú freisin in Airteagal 38 den togra.

Tuairim na Cúirte Iniúchóirí

14 Go ginearálta, cuirimid fáilte roimh na hathruithe atá molta. Mar sin féin, is mian linn roinnt pointí a ardú.

15 Maidir le conarthaí arna ndámhachtain ag toscaireachtaí an Aontais nó arna ndámhachtain go heisiach ar mhaithe le toscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha, molann an Coimisiún ligean don údarás conarthach srian a chur le tíolacadh na ndoiciméad iarratais trí litir sa mhéid nach n-úsáidfear ach ceann amháin de na modhanna a bhíonn ag teastáil go hiondúil[7] (is é sin tríd an bpost/trí sheirbhís cúiréireachta nó trí lámhsheachadadh ag áitreabh an oifigigh údarúcháin atá freagrach). Tá an riosca ann leis an leasú sin go gcuirfear srian ar an iomaíocht. Ba cheart go mbeadh údar maith le haon srian i dtaca le seachadadh trí litir agus ba cheart é sin a dhoiciméadú.

16 Tá feidhm dhíreach ag rialacha soláthair an rialacháin ghinearálta airgeadais maidir le comhlachtaí faoi Airteagal 70 agus maidir le comhpháirtíochtaí poiblí agus príobháideacha faoi Airteagal 71 (mar a shonraítear ina gcreat agus ina rialacháin airgeadais aonair). Cuireann an togra ón gCoimisiún[8] in iúl nach bhféadfaidh 'an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach brath ar dhearbhú géarchéime chun nós imeachta soláthair a sheoladh mura bhfuil bonn cirt leis an nós imeachta mar gheall ar chás deargphráinne a eascraíonn as an ngéarchéim' agus go bhfuil an dearbhú géarchéime ag brath ar 'rialacha inmheánacha ábhartha'. Dá réir sin, nuair a dhéantar dearbhú géarchéime i gcomhréir le 'rialacha inmheánacha ábhartha', tugtar deiseanna do shraitheanna éagsúla rialacha inmheánacha maidir le dearbhuithe géarchéime a bheith ann ar fud réimse iomlán chomhlachtaí an Aontais. Cruthaíonn sé sin an baol go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach neamhréireach é.

17 Le hathrú eile atá beartaithe, is féidir leis an údarás a thionscnaíonn an nós imeachta soláthair údaráis chonarthacha eile a thabhairt isteach sa nós imeachta sin[9] sa chás go ndéantar géarchéim a dhearbhú[10]. Ní shonraítear an gcaithfidh dearbhú géarchéime a bheith déanta ag gach údarás conarthach de réir a rialacha inmheánacha ábhartha, nó an é an t-údarás conarthach ceannais amháin a chaithfidh an dearbhú sin

---

[7] Airteagal 153(5).

[8] Airteagal 164(6).

[9] Airteagal 169(1).

[10] Faoi Airteagal 164(6).

a bheith déanta aige. Ba cheart a shoiléiriú an bhfuil cur chuige comhordaithe ag teastáil ó na húdaráis chonarthacha rannpháirteacha.

18 Cuirimid fáilte roimh an leasú atá molta lena gcuirtear de cheangal ar an oifigeach údarúcháin atá freagrach aon rannpháirtí a bhfuil coinbhleachtaí leasa aige a dhiúltú ó nós imeachta dámhachtana[11]. Molaimid mionathrú breise ar Airteagal 144, féach an ***Iarscríbhinn***.

Córas Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES)

- Airteagal 138 – Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin rioscaí a bhrath, eisiamh agus pionóis airgeadais a fhorchur;
- Airteagal 139 – Critéir eisiaimh agus cinntí maidir le heisiamh;
- Airteagal 142 – Fad na tréimhse eisiaimh agus na tréimhse teorann;
- Airteagal 152 – Córais mhalartúcháin leictreonacha; agus
- Airteagal 153 – Doiciméid iarratais a thíolacadh

Cúlra

19 Tá líon leasuithe fadréimseacha agus mionsonraithe molta ag an gCoimisiún atá ábhartha don Chóras Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES), a bhí mar ábhar '...dár dtuarascáil speisialta maidir le buiséad an Aontais a chosaint[12]'. Baineann na leasuithe ábhartha go príomha le roinn shonrach EDES den Rialachán Airgeadais.

Tuairim na Cúirte Iniúchóirí

20 Cuirimid fáilte roimh na leasuithe atá beartaithe arb é is aidhm dóibh EDES a leathnú amach chun go mbeadh sé in úsáid sa bhainistíocht chomhroinnte, rud a mholamar inár dtuarascáil speisialta. Cuirimid fáilte freisin roimh an moladh atá déanta ag an gCoimisiún go n-áiritheofaí go bhfuil feidhm ag socruithe eisiata leormhaithe maidir le cláir chaiteachas faoi bhainistíocht dhíreach, amhail RRF, arb iad na Ballstáit na tairbhithe. Leis na leasuithe sin, cruthófar bunús dlí comhsheasmhach do na

[11] Airteagal 144(1).

[12] Tuarascáil speisialta 11/2022: Buiséad an Aontais a chosaint – Is gá úsáid níos fearr a bhaint as dúliostú.

modhanna bainistíochta go léir chun déileáil le fianaise ar mhí-iompar tromchúiseach[13] atá curtha ar fáil ag foinse náisiúnta nó foinse de chuid an Aontais[14]. Beidh an scóip chun contrapháirtithe neamhiontaofa a eisiamh ó chistí a fháil fós níos mó faoi bhainistíocht dhíreach ná faoi bhainistíocht chomhroinnte, áfach. Dá réir sin, ní chaithfear go comhsheasmhach ar fud na modhanna bainistíochta le contrapháirtithe a bhfaighfear amach ina leith go bhfuil siad i staid eisiaimh, cé gur mholamar inár dtuarascáil speisialta maidir le buiséad an Aontais a chosaint go mbeadh an chomhsheasmhacht sin ann.

21 Is díol sásaimh dúinn freisin an moladh le haghaidh nós imeachta brostaithe i gcás eisiaimh[15] a mbeadh, de réir an Choimisiúin, feidhm aige maidir le cásanna ina bhfuil breithiúnas críochnaitheach nó cinneadh riaracháin déanta ag údarás Ballstáit nó tríú tír faoi mhí-iompar tromchúiseach, nó cinneadh maidir le heisiamh déanta ag eagraíocht idirnáisiúnta, ag an mBanc Eorpach Infheistíochta nó ag an gCiste Eorpach Infheistíochta, sa chás go bhfuil nós imeachta coibhéiseach ag na heagraíochtaí sin. De réir an Choimisiúin, is é is cuspóir don leasú ná bunús dlí a chur ar fáil chun nós imeachta bréagnaitheach simplithe leis an gcontrapháirtí a fhorbairt do na cásanna lena mbaineann. Tuigimid gurb é an Coimisiún a chinnfidh an nós imeachta bréagnaitheach simplithe i gcomhar le painéal EDES. Ba cheart don Choimisiún smaoineamh ar thuairisc a thabhairt ar chuspóir an nós imeachta brostaithe sa leasú atá beartaithe.

22 Tugaimid ar aire agus cuirimid fáilte freisin roimh athruithe eile a bhfuil sé i gceist leo EDES a neartú. Baineann siad leis an méid seo a leanas:

- úinéirí tairbhiúla, cleamhnaithe agus daoine ar a bhfuil freagrachtaí bainistíochta na gcontrapháirtithe eisiata a chur san áireamh[16], mar a mholtar i dtuarascáil speisialta uainn;

- coinbhleacht leasa mar fhoras ar leithligh le haghaidh eisiaimh (ailíniú leis an Treoir maidir le Soláthar Poiblí an Aontais)[17];

---

[13] Airteagal 139(1).

[14] Airteagal 138(2).

[15] Airteagal 139(8).

[16] Airteagal 138(2).

[17] Airteagal 139(1)(iv).

- diúltú comhoibriú in imscrúdú, seiceáil nó iniúchadh atá á dhéanamh ag comhlachtaí an Aontais (mar fhoras sainráite don eisiamh)[18];
- gríosadh chun idirdhealaithe, fuatha nó foréigin[19];
- ráthóirí neamhiontaofa a eisiamh[20];
- toimhde maidir le fógra faoi litir sháraíochta agus cinntí riaracháin[21]; agus
- cruthúnas ar bhearta feabhais[22].

Ranníocaíochtaí ón Aontas le tionscnaimh dhomhanda

- Airteagal 240 – Ranníocaíochtaí ón Aontas le tionscnaimh dhomhanda.

Cúlra

23 Tugtar tuairisc ar thionscnaimh dhomhanda mar chistí ildeontóra agus comhthiomsaithe a thacaíonn le sprioc dhomhanda (e.g. athrú aeráide, oideachas, agus an comhrac in aghaidh SEIF). Measann an Coimisiún gurb é rannpháirtíocht sna cistí sin an bealach is éifeachtúla chun rannchuidiú le cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach, agus ag an am céanna cabhrú le dúshláin dhomhanda atá roimh an bpobal idirnáisiúnta a chomhrac.

24 I dtuairim ón gCoimisiún, níl struchtúr rialachais na n-ionstraimí buiséadacha atá ann cheana oiriúnach don Aontas chun rannchuidiú le tionscnaimh dhomhanda atá bunaithe, go háirithe i gcás inar miondeontóir é an tAontas. I gcásanna den sórt sin, foráiltear leis an airteagal nua don fhéidearthacht rannchuidiú le tionscnamh gan nasc díreach a bheith ann le costais nó torthaí sonracha, ach go mbeadh roinnt coinníollacha sonracha ag gabháil leis.

---

[18] Airteagal 139(1) agus Airteagal 142

[19] Airteagal 139(1)(vi).

[20] Airteagal 138(2).

[21] Airteagail 152 agus 153

[22] Airteagal 139(10).

Tuairim na Cúirte Iniúchóirí

25 Inár dtuairim, mura nasctar ranníocaíochtaí le costais a tabhaíodh nó le torthaí sonracha, cuirtear teorainn le cumas an Aontais seiceáil a dhéanamh ar an gcaoi ar baineadh úsáid as a chistí. Tugaimid ar aire freisin nach molann an Coimisiún sainmhíniú ar "thionscnamh domhanda".

26 Measaimid gur cheart do thairbhí na ranníocaíochta faisnéis leordhóthanach a chur ar fáil don Choimisiún gach bliain maidir le caiteachas oibríochtúil agus riaracháin an tionscnaimh dhomhanda lena mbaineann. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil bhliantúil ar na rioscaí atá i gceist, mar aon le cuntas ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht costais na ranníocaíochta sin, a ullmhú don údarás um urscaoileadh , d'fhonn údar maith a thabhairt do leanúint nó gan leanúint le ranníocaíochtaí den sórt sin. Molaimid leasú ar Airteagal 240, agus tá sé sin le fáil san ***Iarscríbhinn***.

Iasachtaíocht agus iasachtú

- Airteagal 52 – Tíolacadh an bhuiséid.

Cúlra

27 Tá sé de cheanglas ar an gCoimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go rialta agus go cuimsitheach faoi na gnéithe uile dá straitéis bainistithe fiachais[23]. Chinn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, agus an Coimisiún go comhpháirteach freisin, tar éis ghlacadh NextGenerationEU (NGEU)[24], go ndéanfaí na forálacha maidir le tuairisciú ar oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe 'a mheasúnú agus, de réir mar is iomchuí, a athbhreithniú' mar chuid den chéad athbhreithniú eile ar an Rialachán Airgeadais.

28 Déanann an Coimisiún tuarascálacha éagsúla a ullmhú a chlúdaíonn cineálacha éagsúla clár iasachtaíochta, dliteanas agus bainistiú cisteáin, ach, níl na ceanglais don tuairisciú sin sonraithe go beacht. Ní ullmhaíonn sé tuarascáil rialta agus chuimsitheach maidir le cur chun feidhme straitéis bainistíochta fiachais an Choimisiúin agus baint amach cuspóirí bainistíochta fiachais a bhaineann le NGEU agus le cláir iasachtóireachta eile an Aontais. I measc na samplaí de na cuspóirí sin, áirítear cistí a

[23] Airteagal 5(3) de Chinneadh 2020/2053 (ORD) ón gComhairle.

[24] Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh phaindéim COVID-19 (COM(2020) 441).

fháil ar iasacht ar an gcostas is ísle agus is féidir sa mheantéarma go dtí an fadtéarma, agus méid stuama riosca a choimeád.

29 Leagtar síos sa togra ón gCoimisiún[25] go mbeidh 'forbhreathnú cuimsitheach ar oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe' sa dréachtbhuiséad.

Tuairim na Cúirte Iniúchóirí

30 Is díol sásaimh dúinn aidhm an Choimisiúin feabhas a chur ar dhoiciméadú buiséadach maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe. Níl sé soiléir, áfach, cad é an cuspóir agus inneachar don 'fhorbhreathnú cuimsitheach' atá molta, go háirithe cibé a chlúdóidh sé cur chun feidhme straitéis bainistíochta fiachais an Choimisiúin nó nach gclúdóidh. Thairis sin, níl sé soiléir conas a bheidh faisnéis san 'fhorbhreathnú cuimsitheach' éagsúil ón bhfaisnéis a bheidh le cur ar fáil maidir le 'oibríochtaí caipitiúla leanúnacha agus bainistíocht fiach' faoi Airteagal 52(1)(d)(iii). Níl sé soiléir cén breisluach a bheidh le forléargas breise, i bhfianaise go bhfuil roinnt tuarascálacha ann cheana féin a chuireann forléargais ar fáil ar oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe.

31 Trí fhorléargas breise ar iasachtaíocht agus iasachtú, ní thugtar aghaidh ar an bhfíoras nach bhfuil tuairisciú cuimsitheach ann maidir le cur chun feidhme straitéis bainistíochta fiachais an Choimisiúin agus maidir le baint amach cuspóirí bainistíochta fiachais a bhaineann le NGEU agus le cláir iasachtóireachta eile an Aontais. Tugann an fíoras nach bhfuil an fhaisnéis seo ar fáil le tuiscint go mbeidh cuntasacht an Choimisiúin le haghaidh roinnt cuspóirí bainistíochta fiachais fós doiléir.

Tuairisciú ar ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha

- Airteagal 41 – Dréachtbhuiséad; agus
- Airteagal 250 atá scriosta – Tuarascáil bhliantúil ar ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais.

[25] Airteagal 52(1)(d)

Cúlra

32 Leis an Rialachán Airgeadais, tugtar isteach roinnt oibleagáidí tuairiscithe ar an gCoimisiún maidir le dliteanais theagmhasacha agus Ciste don Soláthar Coiteann (CPF). Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún ná tuairisciú ar ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha a shruthlíniú.

Tuairim na Cúirte Iniúchóirí

33 Molann an Coimisiún, i measc nithe eile, Airteagal 250 a scriosadh, ar airteagal é sin ina ndéantar foráil maidir le tuarascáil ina bhfuil faisnéis amhail achoimre ar chúnamh airgeadais do Bhallstáit agus do thríú tíortha – rud nach dtuairiscítear in aon áit eile. Is é réasúnaíocht an Choimisiúin maidir le hAirteagal 250 a scriosadh ná go bhfuil tuairisciú cuimsitheach ar ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha le cur i láthair sna doiciméid oibre a ghabhann leis an dréachtbhuiséad agus a ullmhaítear de réir Airteagail 41(4) agus (5).

34 Trí dheireadh a chur le tuarascáil Airteagal 250 a tháirgeadh, cruthaítear an riosca nach dtuairisceofar sonraí comhiomlánaithe maidir le dliteanais theagmhasacha an Aontais a eascraíonn as ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais chomh mór céanna agus a bhítí a dhéanamh. Tugann tuarascáil Airteagal 250 forléargas ar chóras iomlán an Aontais maidir le neamhchosaint ar riosca agus bainistíocht riosca, chomh maith le hanailís ar dhliteanais theagmhasacha de réir catagóire: ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais do Bhallstáit agus do thríú tíortha. Cuireann sé measúnú ar fáil ar inbhuanaitheacht dhliteanais theagmhasacha an Aontais. Faoi láthair, is í tuarascáil Airteagal 250 an t-aon tuarascáil amháin ina ndéantar gach cineál dliteanais theagmhasaigh agus na méideanna iomlána a chur i láthair. I bhfianaise mhéid agus thábhacht dhliteanais theagmhasacha an Aontais[26], molaimid an ceanglas tuairiscithe faoi Airteagal 250 den Rialachán Airgeadais a choinneáil. De rogha air sin, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar gach a bhfuil á chur ar fáil i dtuarascáil Airteagail 250 a chomhtháthú go hiomlán i dtuarascáil eile atá ar fáil go poiblí.

Nósanna imeachta dámhachtana an Aontais a dhéanann difear don tslándáil nó don ord poiblí

- Airteagal 137 – Cosaint na slándála agus an oird phoiblí.

[26] Féach Caibidil 2 de Thuarascáil Bhliantúil CIE 2021.

Cúlra

35 Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún creat cothrománach a leagan síos le haghaidh nósanna imeachta dámhachtana an Aontais ina bhfuil slándáil agus ord poiblí an Aontais agus a Bhallstát a chosaint riachtanach lena n-aghaidh. Chuige sin, cuirtear líon coinníollacha sonracha ar fáil leis an bhforáil nua atá beartaithe do na heintitis a ghlacann páirt i nósanna imeachta dámhachtana an Aontais, a bhaineann le slándáil nó ord poiblí. Cuireann sé rialacha agus nósanna imeachta ar fáil freisin chun na coinníollacha sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, go háirithe i réimse an tsoláthair phoiblí.

Tuairim na Cúirte Iniúchóirí

36 Creidimid go bhfuil na modhnuithe atá molta ar mhaithe le 'coinníollacha sonracha a leagan síos maidir le rannpháirtíocht eintiteas tríú tír i nósanna imeachta um dhámhachtain de chuid an Aontais a bhaineann leis an tslándáil nó leis an ord poiblí' ag teacht le forbairtí sa réimse. Mar shampla rialachán 2019 maidir le scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche (IDC)[27], a cheanglaíonn ar an gCoimisiún agus na Ballstáit grinnscrúdú a dhéanamh ar na IDCanna sin ar dócha go ndéanfaidh siad difear do shlándáil nó don ord poiblí.

37 Sa Rialachán maidir le Scagadh IDC, áfach, tugtar tuairisc ar na cásanna is cúis le hábhair imní a bhaineann le "slándáil agus ord poiblí"[28], rud nach bhfuil amhlaidh atá sa togra. Creidimid go bhféadfadh sé tarlú go gcuirfí an riail i bhfeidhm ar bhealach neamhsheasmhach mar gheall air seo. Dá bhrí sin, molaimid treoraíocht chuimsitheach maidir le cur chun feidhme a eisiúint.

38 Thairis sin, deir an togra i gcás nach bhfuil cinneadh maoiniúcháin ag teastáil, go gcinneann an t-oifigeach údarúcháin má dhéantar difear do nós imeachta dámhachtana sonrach mar gheall ar bhreithnithe a bhaineann le slándáil nó ord poiblí[29]. Molaimid gur cheart go leagfaí amach sa treoraíocht chuimsitheach maidir le

---

[27] Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh.

[28] Airteagal 4: 'tosca a d'fhéadfaí a chur san áireamh nuair atáthar ag cinneadh ar dócha go ndéanfadh infheistíocht dhíreach choigríche difear don tslándáil nó don ord poiblí'.

[29] Airteagal 137(2).

cur chun feidhme an bunús ar ar cheart don oifigeach údarúcháin cinneadh den sórt sin a dhéanamh.

Athruithe ilghnéitheacha

Cúlra

39 Áirítear i dtogra ón gCoimisiún roinnt athruithe ilghnéitheacha nár cuireadh i láthair i bpáipéar leathoifigiúil ar leith. Baineann siad le príomhábhair an athmhúnlaithe mar a thuairiscítear i mír ***02***.

Airteagal 25 – Tabhartais

Cúlra

40 Féadfaidh institiúidí an Aontais glacadh le deonacháin. Ní mór deonacháin os cionn €50 000 lena ngabhann costais is mó ná 10 % den deonachán a bheith údaraithe ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, áfach. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbainfeadh na costais sin le hiompar agus dáileadh vacsaíní a deonaíodh. I bhfianaise a thaithí le linn phaindéim COVID-19, molann an Coimisiún an gá le húdarú ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar ceal le haghaidh deonacháin comhchineáil atá níos mó ná €50 000[30] in imthosca eisceachtúla i réimsí a bhaineann le cabhair dhaonnúil, tacaíocht éigeandála, cosaint shibhialta nó cabhair maidir le bainistíocht géarchéime.

Tuairim na Cúirte Iniúchóirí

41 Molaimid gur cheart go gceanglófaí leis an Rialachán Airgeadais go ndéanfadh an Coimisiún tuairisciú ar úsáid eisceachta chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, chun trédhearcacht a choimeád.

[30] Airteagal 25(3).

Airteagal 33 – Feidhmiú agus prionsabail na tíosaíochta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta

Cúlra

42 Molann an Coimisiún gur cheart cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme sa chaoi gur féidir a gcuspóirí a bhaint amach gan dochar suntasach a dhéanamh do chuspóirí comhshaoil, amhail athrú aeráide, maolú agus oiriúnú, úsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce, agus cosc ar thruailliú[31].

Tuairim na Cúirte Iniúchóirí

43 Cuirimid fáilte roimh an athrú a thugtar isteach mar a mholtar inár dtuarascáil speisialta 22/2021: Maoiniú inbhuanaithe – Gníomhaíocht níos comhsheasmhaí ón Aontas ag teastáil chun maoiniú a atreorú i dtreo infheistíocht inbhuanaithe Beidh tionchar an leasaithe seo ag brath ar an gcaoi a léirmhíneofar 'dochar suntasach' sa reachtaíocht earnálach agus ar an gcaoi a ndéanfar measúnú air sa chleachtas.

Airteagal 252 – Na cuntais chomhdhlúite deiridh a fhormheas

Cúlra

44 Molann an Coimisiún gur cheart sprioc-amanna na Cúirte Iniúchóirí chun barúlacha a sheoladh maidir le cuntais shealadacha a thabhairt ar aghaidh aon mhí amháin. Molann sé freisin a cheangal ar an gCúirt Iniúchóirí a thuairimí maidir le beachtas na gcuntas bliantúil a ghlacadh faoin 31 Iúil.

Tuairim na Cúirte Iniúchóirí

45 Is é an t-údar a thugann an Coimisiún do sprioc-amanna a thabhairt ar aghaidh ná go bhfuil na sprioc-amanna sin á gcomhlíonadh cheana féin sa chleachtas. Cé go bhfuil sé fíor go ndéanann an Chúirt forthoradh a cuid oibre ar na cuntais a chur in iúl trí litir faoin 31 Iúil, i.e., roimh fhoilsiú a tuairime – a dhéantar go hiondúil i mí Dheireadh Fómhair, níl sé sin déanta aici i gcás na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 247.

[31] Airteagal 33(2)(d)

46 Ag an am céanna, tá na sprioc-amanna atá leagtha síos don Choimisiún agus do chomhlachtaí eile[32] chun cuntais shealadacha a tharchur chuig an gCúirt coinnithe mar an gcéanna (31 Márta agus 1 Márta, faoi seach).

47 Is athrú suntasach é an moladh sin don Chúirt Iniúchóirí. Is amhlaidh an cás go sonrach dá hiniúchadh ar chomhlachtaí de chuid an Aontais faoi Airteagail 70 agus 71 mar gheall ar a líon. Laghdaíonn an moladh seo le haon mhí amháin an t-am atá ar fáil don Chúirt Iniúchóirí le hiniúchadh na gcuntas a dhéanamh. Chuirfeadh sé seo leordhóthanacht agus cáilíocht an bhunúis le haghaidh na ráiteas dearbhaithe i mbaol. D'fhágfadh na sprioc-amanna níos giorra go mbrisfí an nasc idir an amlíne le haghaidh iniúchadh na gcuntas agus amlíne chun iniúchadh a dhéanamh ar dhlíthiúlacht agus rialtacht. Dhéanfadh sé seo difear níos mó d'indéantacht obair iniúchóireachta agus nósanna imeachta sáraíochta a dhéanamh laistigh de na sprioc-amanna atá leagtha síos.

48 Dá bhrí sin, measaimid nár cheart leanúint den mhodhnú atá beartaithe ag an tráth seo. Ina ionad sin, molaimid idirphlé idir an Coimisiún agus an Chúirt Iniúchóirí a chur ar bun chun cur chuige réalaíoch a fhorbairt i dtreo athbhreithniú a dhéanamh ar na sprioc-amanna, a d'fhéadfaí a thabhairt isteach le linn an chéad athbhreithnithe eile ar an Rialachán Airgeadais.

Ghlac an Chúirt Iniúchóirí an Tuairim seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aici an 27 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Tony Murphy
Uachtarán

[32] Airteagal 245 den Rialachán Airgeadais (mar atá faoi láthair).

Iarscríbhinn

Athruithe molta

I ***dTábla 1***, leagtar amach athruithe sonracha atá molta againn agus tráchtanna a bhaineann leis an togra ón gCoimisiún. Áirítear i ***dTábla 2*** leasuithe nach bhfuil chomh tábhachtach céanna a mholtar ach nach bhfuil luaite sa tuairim féin.

Tábla 1 - Athruithe a phléitear sa tuairim

Téacs an togra	Athrú molta	Tráchtanna
240(2) Beidh ranníocaíochtaí an Aontais le tionscnaimh dhomhanda faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas, agus nádúr chistiú an Aontais á chur san áireamh: (i) (...); (ii) (…); (iii) (…); (iv) (…); (v) (…); I gcás ina bhfuil amhras ann gurb ann do neamhrialtachtaí tromhchúiseacha amhail calaois, éilliú nó coinbhleacht leasanna, an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach i gcomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus an Chúirt Iniúchóirí; bainfidh siad úsáid as rialacha an tionscnaimh chun faisnéis bhreise a iarraidh agus iniúchadh comhpháirteach, misin rialála nó imscrúdaitheacha a chur i gcrích leis an gcomhlacht ábhartha faoin tionscnamh, i gcomhréir le hAirteagal 129. (3) (…).	240(2) Beidh ranníocaíochtaí an Aontais le tionscnaimh dhomhanda faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas, agus nádúr chistiú an Aontais á chur san áireamh: (i) (...); (ii) (…); (iii) (…); (iv) (…); (v) (…); (vi) déanfaidh rialacha an tionscnaimh cearta iniúchóireachta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a ráthú, dá bhforáiltear le hAirteagal 287 CFAE I gcás ina bhfuil amhras ann gurb ann do neamhrialtachtaí tromhchúiseacha amhail calaois, éilliú nó coinbhleacht leasanna, an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach i gcomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939~~,~~ **agus** an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise ~~agus an Chúirt Iniúchóirí~~; bainfidh siad úsáid as rialacha an tionscnaimh chun faisnéis bhreise a iarraidh agus iniúchadh comhpháirteach,	

Téacs an togra	Athrú molta	Tráchtanna
(4) (…).	misin rialála nó imscrúdaitheacha a chur i gcrích leis an gcomhlacht ábhartha faoin tionscnamh, i gcomhréir le hAirteagal 129. (3) (…). (4) (…). (5) Gheobhaidh an Coimisiún faisnéis leordhóthanach gach bliain ón eintiteas tairbhithe maidir le caiteachas oibríochtúil agus riaracháin an tionscnaimh dhomhanda lena mbaineann. (6) Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar na rioscaí atá i gceist, mar aon le héifeachtacht agus éifeachtúlacht costais na ranníocaíochtaí sin, a ullmhú don údarás um urscaoileadh d'fhonn údar maith a thabhairt do leanúint nó gan leanúint leis na ranníocaíochtaí sin.	

Tábla 2 - Athruithe eile molta

Téacs an togra	Athrú molta	Tráchtanna
38(1) (an fomhír dheireanach): 'Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír den mhír seo freisin maidir le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais nuair a chuirfidh siad an buiséad chun feidhme de bhun Airteagal 59(1).'	'Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír den mhír seo freisin maidir le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais nuair a chuirfidh siad an buiséad chun feidhme de bhun Airteagal 59(1).'	Déanann sé seo athrá ar phointe a rinneadh sa chéad fomhír mar leasú.
144(1)(d) go bhfuil coinbhleachta leasanna i gceist leis a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht an chonartha i gcomhréir le pointe 20.6 d'Iarscríbhinn I.	(d) go bhfuil coinbhleachta leasanna **gairmiúla** i gceist leis a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht an chonartha i gcomhréir le pointe 20.6 d'Iarscríbhinn I.	Ailíniú leis an sainmhíniú nua de "choinbhleacht leasa gairmiúil" in Airteagal 2.
158(4)(c) go mbeidh siad faoi réir iniúchóireacht sheachtrach neamhspleách, arna déanamh, i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glactha leo go hidirnáisiúnta, ag seirbhís iniúchóireachta atá neamhspleách ó thaobh a feidhmeanna de ar an duine nó ar an eintiteas lena mbaineann;	go mbeidh siad faoi réir iniúchóireacht sheachtrach neamhspleách, arna déanamh, i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glactha leo go hidirnáisiúnta, ag seirbhís iniúchóireachta ~~atá neamhspleách ó thaobh a feidhmeanna de ar an duine nó ar an eintiteas lena mbaineann~~;	ní theastaíonn na focail 'atá neamhspleách ó thaobh a feidhmeanna de ar an duine nó ar an eintiteas lena mbaineann' mar go bhfuil na focail 'seachtrach neamhspleách' ag tús na habairte.
158(6). Maidir le gníomhaíochtaí ildeontóirí, i gcás ina ndéantar an caiteachas a aisíoc de dhroim ranníocaíocht an Aontais, is é a bheidh i gceist leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 4…	158-(6). Maidir le gníomhaíochtaí ildeontóirí, i gcás ina ndéantar an caiteachas a aisíoc de dhroim ranníocaíocht an Aontais, is é a bheidh i gceist leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 4 **d'Airteagal 159**…	Thugamar faoi deara go bhfuil Airteagal 158(6) mar a chéile le 159(7). Níl an tagairt do mhír 4 ceart sa chás seo, áfach, agus ba cheart é a athrú go 159(4).